V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10879 – WISHCARD / EMZ PARTNERS / IK INVESTMENT / OAKLEY CAPITAL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 349/05)

1. An 1 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EMZ Partners SAS ("EMZ", an Fhrainc), via Saulire S.à r.l.

— IK Investment Partners S.à.r.l. ("IK", Lucsamburg), via IK PF II Luxco 3 S.à r.l.;

— Oakley Capital ("Oakley", an Ghearmáin), trí Wishcard CoInvestCo S.à r.l.;

— Valentin Schütt (an tUasal Schütt, an Ostair) trína chuideachta feithicle sainchuspóireach, atá faoi lánúinéireacht aige, Nexec Holding GmbH;

— Wishcard Technologies Group GmbH ("Wishcard", an Ghearmáin).

Gheobhaidh EMZ, IK, Oakley agus an tUasal Schütt rialú comhpháirteach ar Wishcard de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é EMZ a dhíríonn ar infheistíochtaí fadtéarmacha i gcuideachtaí meánmhéide in earnálacha éagsúla.

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é IK a infheistíonn i raon leathan earnálacha agus a dhíríonn ar sheirbhísí gnó, ar tháirgí bia agus ar tháirgí tomhaltais, ar thionscail agus ar chúram sláinte.

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Oakley a infheistíonn i gcuideachtaí meánmhargaidh i dtrí phríomhearnáil, tomhaltóirí, oideachas agus teicneolaíocht.

— Is duine nádúrtha é Valentin Schütt agus is é a bhunaigh Wishcard

— Is soláthraí dearbhán bronntanais dhá chéim agus cártaí bronntanais B2B é Wishcard trína fhochuideachtaí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.10879 – WISHCARD / EMZ PARTNERS / IK INVESTMENT / OAKLEY CAPITAL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.